Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Iúil 2023
(OR. en)

9862/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0147(NLE)**

PECHE 212

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile (2023-2028) |

**CINNEADH (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile (2023-2028)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe(a)(v), agus Airteagal 218(7), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

---

1 Toiliú an... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2023/...ón gComhairle[1+], síníodh an Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach de pháirt agus Poblacht Chireabaití den pháirt eile (2023-2028) ('an Prótacal') an …[++].

(2) Is é is cuspóir don Phrótacal an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile ('an Comhaontú') a chur chun feidhme chun deiseanna iascaireachta a dheonú do shoithí de chuid an Aontais sna limistéir iascaireachta laistigh d'uiscí Chireabaití agus chun é a chur ar a gcumas don Aontas agus do Chireabaití oibriú níos dlúithe chun an comhar a chur chun cinn i réimsí fhorbairt inbhuanaithe na n-aigéan, an bheartais iascaigh agus an geilleagar gorm, agus rannchuidiú an tráth céanna le dálaí oibre cuibhiúla in earnáil an iascaigh.

(3) Leis an bPrótacal, déantar foráil maidir le deiseanna iascaireachta do shoithí de chuid an Aontais sna limistéir iascaireachta laistigh d'uiscí Chireabaití, ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr dá bhfuil ar fáil agus i ndiaidh na mbeart caomhnaithe agus bainistíochta a ghlac an Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir.

---

[1] Cinneadh (AE) 2023/... ón gComhairle an ...maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile (2023-2028) (IO L …, …., lch. …).

[+] IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 9856/23 agus críochnaigh an fonóta comhfhreagrach.

[++] IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Phrótacail atá i ndoiciméad ST 9890/23.

(4) Ba cheart an Prótacal a fhormheas.

(5) Le hAirteagal 9 den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm. De bhun Airteagail 8 agus 18 den Phrótacal, féadfaidh an Comhchoiste leasuithe áirithe ar an bPrótacal a fhormheas. Chun formheas na leasuithe sin a éascú, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Coimisiún, faoi réir coinníollacha sonracha substainteacha agus nós imeachta, iad a fhormheas thar ceann an Aontais faoi nós imeachta simplithe.

(6) Ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais a bhunú maidir le leasuithe atá beartaithe ar an bPrótacal. Ba cheart na leasuithe atá beartaithe a fhormheas mura rud é go ndéanann mionlach blocála agóid ina gcoinne i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus thug sé tuairim faoi an 19 Meitheamh 2023.

---

[1] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(8) Ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir i bhfianaise thábhacht eacnamaíoch ghníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais in uiscí Chireabaití agus an ghá atá ann an tréimhse sular féidir na gníomhaíochtaí sin a atosú a laghdú a oiread is féidir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile (2023-2028) ('an Prótacal'), a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 23 den Phrótacal.

*Airteagal 3*

I gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na coinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a gabhann leis an gCinneadh seo údaraítear an Coimisiún, thar ceann an Aontais, leasuithe ar an bPrótacal a fhormheas, ar leasuithe iad arna nglacadh ag an gComhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 9 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# IARSCRÍBHINN

AN NÓS IMEACHTA MAIDIR LE FORMHEAS A DHÉANAMH AR NA LEASUITHE AR AN bPRÓTACAL MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME AN CHOMHAONTAITHE COMHPHÁIRTÍOCHTA IASCAIGH IDIR AN COMHPHOBAL EORPACH, DE PHÁIRT, AGUS POBLACHT CHIREABAITÍ, DEN PHÁIRT EILE (2023-2028) ATÁ LE GLACADH AG AN gCOMHCHOISTE

I gcás ina n-iarrfar ar an gComhchoiste leasuithe ar an bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Poblacht Chireabaití, den pháirt eile (2023-2028) ('an prótacal') a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 18 de, beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas:

1. Maidir leis an bhformheas a dhéanfar thar ceann an Aontais ar na leasuithe atá beartaithe, áiritheoidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

   (a) go mbeidh sé i gcomhréir le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh;

   (b) go mbeidh sé comhsheasmhach leis na rialacha ábhartha arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus go gcuirfear san áireamh ann bainistiú comhpháirteach arna dhéanamh ag Stáit chósta;

   (c) go gcuirfear san áireamh ann an fhaisnéis staidrimh, an fhaisnéis bhitheolaíoch agus an fhaisnéis ábhartha eile is déanaí a cuireadh chuig an gCoimisiún.

2. Na leasuithe atá beartaithe, sula ndéanfar iad a fhormheas thar ceann an Aontais, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle iad in am trátha roimh chruinniú ábhartha an Chomhchoiste.

3. Déanfaidh an Chomhairle measúnú féachaint an gcomhlíontar leis na leasuithe atá beartaithe na critéir a leagtar síos i bpointe 1.

4. Mura ndéanfaidh líon áirithe Ballstát agóid i gcoinne na leasuithe atá beartaithe, líon is comhionann le mionlach blocála de chuid na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, formheasfaidh an Coimisiún iad thar ceann an Aontais. I gcás ina bhfuil mionlach blocála den sórt sin ann, déanfaidh an Coimisiún na leasuithe atá beartaithe a dhiúltú thar ceann an Aontais.

5. Más rud é, le linn cruinnithe den Chomhchoiste ina dhiaidh sin, nach féidir teacht ar chomhaontú, lena n-áirítear comhaontú ar an láthair, cuirfear an cheist ar ais chuig an gComhairle, i gcomhréir le pointí 2, 3 agus 4, chun go gcuirfear tosca nua san áireamh i seasamh an Aontais.

6. Iarrtar ar an gCoimisiún gach beart is gá a dhéanamh, in am trátha, chun obair leantach a dhéanamh ar chinneadh an Chomhchoiste maidir leis an bprótacal a leasú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an cinneadh sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus aon togra is gá le haghaidh cur chun feidhme an chinnidh sin a thíolacadh.

A mhéid a bhaineann le hábhair eile nach mbaineann le modhnuithe ar an bPrótacal, i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 18 de, déanfar an seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Chomhchoiste a chinneadh i gcomhréir leis na Conarthaí agus le cleachtais oibre sheanbhunaithe.